# Sonraí Pearsanta a Chosaint

## Cód Cleachtais

**Bealtaine 2024**

***"Tá an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint."***

***(Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)***

**Prionsabail um Chosaint Sonraí**

1. **Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht**
2. **Teorannú de réir cuspóra**
3. **Íoslaghdú sonraí**
4. **Cruinneas**
5. **Teorannú stórála**
6. **Sláine agus rúndacht**

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 1

Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí 2

Prionsabail um Chosaint Sonraí 3

Freagracht ár bhfostaithe 11

Socruithe rialachais sonraí 11

Prótacal chun sáruithe a thuairisciú 12

**Aguisín 1**
Sainmhínithe ar fhocail/fhrásaí a úsáidtear i ndáil le cosaint sonraí pearsanta agus dá dtagraítear i dtéacs an Chóid Cleachtais

**Aguisín 2**
Forfheidhmiú reachtaíocht na hÉireann maidir le cosaint sonraí

**Aguisín 3**
Teagmhálaithe Úsáideacha

# Réamhrá

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), tugadh isteach cearta breisithe d'ábhair sonraí maidir le cosaint a gcuid faisnéise agus sonraí pearsanta. Tá slándáil agus cosaint na faisnéise pearsanta a bhailíonn agus a shealbhaíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ríthábhachtach dúinne agus do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimis na caighdeáin is airde a chothabháil maidir le sonraí rúnda a chosaint agus go gcoinneoimis muinín an phobail.

Is í faisnéis bunchloch ár ngnó mar go bhfuil ár gcuid oibre bunaithe ar ghnáthaimh a bhaineann le scrúdú doiciméad, fiosrúcháin ó riarthóirí, cigireachtaí agus deimhnithe tríú páirtí. Príomhfhoinse fianaise is ea taifid an chomhlachta iniúchta. Tá ceart reachtúil rochtana ar shonraí agus ar fhaisnéis tugtha dúinn d'fhonn a chinntiú go mbeimid éifeachtach i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta a bheith i gcuid de na taifid agus den fhaisnéis ghaolmhar ar a dtugtar rochtain dúinn.

Táthar ag súil leis go mbeimid go léir thar a bheith cúramach le faisnéis phearsanta agus go gcinnteoimid nach mbeidh rochtain uirthi ach amháin nuair is gá chun ár gcríoch iniúchta agus scrúdaithe. Is faoi gach ball foirne atá sé freagracht phearsanta a ghlacadh as a chinntiú nach bhfaightear rochtain ar shonraí nó nach nochtfar iad go míchuí.

Tá ár n-oibleagáidí maidir le sonraí a chosaint tacaithe ag raon forálacha reachtacha agus riaracháin atá ceaptha chun cearta agus leasanna na saoránach agus na ngnólachtaí a chosaint. Áirítear ar na forálacha sin an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963, RGCS, reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, na caighdeáin eiticiúla ghairmiúla agus Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, a chruthaíonn oibleagáidí maidir le rúndacht sonraí oifigiúla agus maidir le taifid a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe, ar úsáid neamhriachtanach, ar athrú, ar scrios nó ar nochtadh neamhriachtanach.

Is léiriú é an Cód seo ar dhea-chleachtas maidir le faisnéis atá i seilbh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chosaint.

**Colette Drinan**
**Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta**

# Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí

## Cuspóir

I gcomhthéacs RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, is é aidhm an Chóid Cleachtais seo a chinntiú go bhfuil tuiscint ag gach fostaí de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) ar choincheapa na Cosanta Sonraí agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí féin. Cabhróidh sé sin leis an Oifig reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann a chomhlíonadh. Tá feidhm ag an gCód seo maidir le gach taifead a chruthaíonn nó a fhaigheann an Oifig, ina bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann le daoine atá beo.

Ciallaíonn sonraí pearsanta sonraí a bhaineann le duine beo atá inaitheanta nó ar féidir é/í a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó ar dóigh di teacht i seilbh an rialaitheora sonraí.

Tá an pobal i gcoitinne agus comhlachtaí iniúchta i dteideal fios a bheith acu go bhfuil a gcuid faisnéise á próiseáil chun críocha dlisteanacha agus nach nochtar í ach amháin nuair atá sé ceadaithe de réir an dlí.

## Prionsabail um Chosaint Sonraí

Tá sé phríomhphrionsabal um chosaint sonraí leagtha amach in Airteagal 5 de RGCS.

- dlíthiúlacht, cothroime, agus trédhearcacht
- teorannú de réir cuspóra
- íoslaghdú sonraí
- cruinneas
- teorannú stórála
- sláine agus rúndacht.

Tá sé leagtha amach sa Chód Cleachtais conas a chuirimid na prionsabail sin i bhfeidhm agus cad é a bhfuilimid ag súil leis ónár bhfoireann. Tá sé leagtha amach sa Chód freisin na socruithe cuntasachta maidir le cosaint sonraí laistigh den Oifig.

# Prionsabal 1 – dlíthiúlacht, cothroime, agus trédhearcacht

**Déantar sonraí a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach agus cuirtear faisnéis áirithe ar fáil d'ábhair sonraí maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta.**

Tá na himthosca faoina meastar próiseáil sonraí pearsanta a bheith dleathach leagtha amach in Airteagal 6 de RGCS. Is iad sin

- tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a s(h)onraí pearsanta a phróiseáil
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir a chomhlíonadh
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir
- tá gá le próiseáil chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí nó ag tríú páirtí.

Aithníonn ár mbeartas um chosaint sonraí (beartas príobháideachta), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige, na bealaí ina mbailímid, ina sealbhaímid agus ina bpróiseálaimid sonraí pearsanta, an bunús dleathach don phróiseáil sin agus na cineálacha sonraí pearsanta a láimhseálaimid.

Go hachomair, bailímid, sealbhaímid agus próiseálaimid sonraí de réir ár bhfeidhmeanna reachtúla iniúchóireachta, scrúdaithe agus cigireachta, mar dhuine forordaithe faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta, i dtaca le himeachtaí 'léargais iniúchta' nó i ndáil le hoibríochtaí riaracháin na hOifige.

Is cuid d'iniúchadh é rochtain ar éagsúlacht faisnéise agus í a thástáil. Tugtar le halt 10 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an t-údarás don fhoireann iniúchóireachta faisnéis agus mínithe a iarraidh a theastaíonn chun críche ár gcuid oibre. D'fhéadfadh go mbeadh bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta mar chuid de sin, mar shampla íocaíochtaí ó chomhlachtaí iniúchta le daoine aonair.

# Prionsabal 1 *(ar lean)*

Táimid tiomanta don fhaisnéis a thugtar dúinn a choinneáil faoi rún agus dá chinntiú nach n-úsáidfear nó nach nochtfar í ach amháin de réir mar a fhoráiltear le dlí. Déanfar iarrataí ar shonraí pearsanta chun críocha iniúchóireachta, cigireachta nó scrúdaithe a fhoréileamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta nó le raon feidhme scrúdaithe agus cur chuige atá údaraithe ag bainisteoir.

# Prionsabal 2 - teorannú de réir cuspóra

**Ní phróiseáiltear sonraí pearsanta ach amháin chun na críche/na gcríoch ar leith a bailíodh iad (agus chun críocha a bhfuil dlúthbhaint acu leo).**

Ní bhailímid sonraí pearsanta ach chun críocha sainiúla, follasacha agus dlisteanacha. Ní úsáidimid faisnéis phearsanta ach amháin chun na gcríoch dár tugadh dúinn í nó chun críocha a bhaineann go díreach lenár bhfeidhmeanna reachtúla.

Éilíonn caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta orainn fianaise a fháil agus a choinneáil, lena n-áirítear páipéir oibre, chun tacú lenár dtuairimí ar ráitis airgeadais agus chun tacú le torthaí agus conclúidí sna tuarascálacha ar scrúduithe i leith luach ar airgead.

Ní thugaimid faisnéis phearsanta do ranna rialtais, do chomhlachtaí nó d'aon duine eile ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas

- gur thoiligh an duine aonair leis sin
- go mbeadh an duine aonair ag súil le réasún, nó go ndúradh leis, go gcuirtear faisnéis den chineál sin ar aghaidh de ghnáth chuig na daoine aonair, na ranna nó na comhlachtaí sin
- go gceanglaítear nó go n-údaraítear ar shlí eile le dlí é nó
- go bhfuil sé riachtanach le réasún chun an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú nó chun ioncam poiblí a chosaint.

Chun críocha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, ní hionann próiseáil sonraí pearsanta ag conraitheoirí thar ceann na hOifige agus nochtadh. Mar sin féin, ní mór aistrithe den sórt sin a bheith faoi réir comhaontuithe conarthacha cuí, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le cosaint sonraí, agus socruithe sonracha slándála agus diúscartha/coinneála i bhfeidhm.

Tugtar treoir dár bhfoireann trí bheartais agus nósanna imeachta maidir le haistrithe sonraí agus freagrachtaí conraitheoirí agus iad ag láimhseáil ár sonraí.

# Prionsabal 3 - íoslaghdú sonraí

**Tá bailiú sonraí pearsanta teoranta don mhéid atá leordhóthanach, riachtanach agus ábhartha do na críocha a bailíodh iad.**

Chun an prionsabal seo a chomhlíonadh, déanaimid na sonraí pearsanta a bhailítear a theorannú don mhéid a theastaíonn chun cuspóir sonrach a chomhlíonadh.

Tá na nósanna imeachta atá le glacadh ag iniúchóirí chun fianaise leordhóthanach agus chuí a fháil chun críche a gcuid oibre leagtha amach sna caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta. Eisímid treoir don fhoireann agus cuirimid oiliúint ar fáil chun cloí le caighdeáin iniúchóireachta agus leis an bprionsabal seo um chosaint sonraí. Tá béim leagtha sa treoir ar an ngá atá ann go gcinntíonn baill foirne go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar an íosmhéid is riachtanach chun cuspóir an iniúchta nó na tástála scrúdaithe a bhaint amach.

I gcás go n-iarrtar tacair sonraí mhóra nó iomlána lena n-áirítear faisnéis phearsanta le haghaidh samplála nó anailíse

- beidh na hiarratais údaraithe ag Leas-Stiúrthóir
- coinneofar na sonraí ar líonra an chomhlachta iniúchta nó ar líonra TFC na hOifige (agus i gcomhréir leis na ceanglais atá i mBeartas Slándála Faisnéise agus Sonraí na hOifige maidir lena gcoimeád laistigh den fheidhmchlár Teammate+, i gcás gurb infheidhme)
- déanfaidh an comhlacht iniúchta an tacar sonraí a anaithnidiú nuair is féidir.

# Prionsabal 4 - cruinneas

**Ní mór sonraí pearsanta a bheith cruinn agus cothrom le dáta agus ní mór gach beart réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go scriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta atá míchruinn.**

Bailímid agus próiseálaimid faisnéis phearsanta chun críocha riaracháin, lena n-áirítear faisnéis faoi fhostaithe reatha agus iarfhostaithe, soláthraithe agus daoine eile a ndéanaimid cumarsáid leo. Tá rochtain ag baill foirne freisin ar a gcuid sonraí pearsanta a choinnítear ar chórais seirbhíse comhroinnte ar féidir leo iad a nuashonrú lena chinntiú go bhfuil siad cruinn.

Is í an Oifig an rialaitheoir sonraí le haghaidh na sonraí pearsanta a phróiseálann sí. Tá ról an Oifigigh Cosanta Sonraí sannta don Oifigeach Slándála.

Chun an prionsabal seo a chomhlíonadh, ba cheart don fhoireann a chinntiú

- go bhfuil an ceanglas ginearálta maidir le sonraí pearsanta a choinneáil cothrom le dáta curtha i bhfeidhm ina iomláine
- gur leordhóthanach atá nósanna imeachta láimhe agus ríomhaireachta chun ardleibhéil chruinnis maidir le sonraí a chinntiú
- go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear athbhreithniú agus iniúchadh tréimhsiúil, chun a chinntiú go gcoimeádtar gach mír sonraí cothrom le dáta
- go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta a shealbhaítear cruinn, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid ar bhonn rialta, na réimsí is coitianta ina ndéantar earráidí a shainaithint agus oiliúint a chur ar fáil, etc.
- tá sé de cheart ag gach duine go ndéanfar faisnéis mhíchruinn a cheartú nó a scriosadh. Míneoidh an fhoireann tacaíochta conas is féidir leo idirghníomhú agus cabhrú le comhghleacaithe (agus le daoine eile) chun cruinneas sonraí a chinntiú.

Tá infheidhmeacht theoranta ag an bprionsabal seo i bhfeidhmiú ár bhfeidhmeanna reachtúla iniúchóireachta, scrúdaithe agus cigireachta. Déantar é sin chun a chinntiú nach gcuirtear srian ábhartha ar chumas can hOifige na feidhmeanna sin a chur i gcrích (alt 60(3)(c)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

# Prionsabal 5 - teorannú stórála

**Níl sonraí pearsanta le coinneáil níos faide ná na críocha a bailíodh iad nó a ceanglaíodh de réir an dlí nó imthosca eile.**

Is iad an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus rialacháin 1988 na príomhreachtanna a bhaineann le bainistiú, le diúscairt nó le coinneáil taifead de chuid Ranna Stáit, lena n-áirítear taifid ár nOifige. Níl tosaíocht ag aon reachtaíocht ar an Acht maidir le taifid phoiblí a bhainistiú.

Tá Beartas Bainistíochta Taifead againn a shainaithníonn an tréimhse choinneála do thaifid a thagann faoi shraitheanna áirithe a chomhfhreagraíonn do phríomhfheidhmeanna gnó na hOifige.

Tá ceanglas dlíthiúil orainn údarú a lorg ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta maidir le gach taifead atá faoi réir reachtaíocht na Cartlainne Náisiúnta a scriosadh. Tá sé mar aidhm againn taifid a bhaineann le hiniúchtaí agus scrúduithe a scriosadh, de réir na reachtaíochta agus de réir ár mBeartais Bainistíochta Taifead.

# Prionsabal 6 - sláine agus rúndacht

**Cuirfear bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun a chinntiú go gcosnaítear sonraí pearsanta ar chineálacha éagsúla sáruithe sonraí.**

Tá caighdeáin arda slándála idir fhisiceach agus theicniúil ríthábhachtach chun rúndacht sonraí pearsanta a chosaint. Chuige sin, tá bearta slándála chuí i bhfeidhm againn, lena n-áirítear, inter alia,

- deimhniú ISO 27001: Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise a chothabháil
- a chinntiú go bhfuil rochtain ar fhaisnéis teoranta d'fhoireann údaraithe agus nach mbaineann sí ach leis an bhfaisnéis sin is gá chun a gcuid dualgas sannta a chomhlíonadh
- an t-áitreabh a choinneáil slán, go háirithe nuair nach bhfuil baill foirne ann
- a chinntiú go bhfuil córais ríomhaireachta slán go fisiceach agus go bhfuil rochtain rialaithe
- a chinntiú go mbeifear cúramach agus trealamh agus comhaid á n-iompar idir láithreacha
- rochtain ar ár gcórais ríomhaireachta a shrianadh trí úsáid a bhaint as pasfhocail (lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le slándáil pasfhocail), rialú ceart rochtana, agus faisnéis a choinneáil i bhfolach ó dhaoine taobh amuigh den eagraíocht.
- a chinntiú go n-úsáidtear nósanna imeachta cuí chun sonraí pearsanta a aistriú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as tairseacha slána gréasáin agus aistriú slán comhad fisiceach
- a chinntiú go nascann gach ball foirne le líonra na hOifige trí mheaisíní rochtana dírí nó trí Citrix agus nach stóráiltear aon sonraí pearsanta ar ríomhairí glúine
- a chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta atá stóráilte ar chomhaid pháipéir a shealbhú go slán nuair nach bhfuil siad á n-úsáid, de rogha i gcaibinéad faoi ghlas agus rochtain teoranta do na daoine sin amháin a bhfuil cúiseanna gnó acu rochtain a fháil orthu
- áiseanna cuí a bheith i bhfeidhm chun dramhaíl rúnda a dhiúscairt
- logaí iniúchta a choinneáil maidir le rochtain chun léite, athruithe, breisithe, scriosadh ar an líonra TFC

# Prionsabal 6 *(ar lean)*

- beartas maidir le húsáid inghlactha TFC agus beartas maidir le ríomhairí glúine agus maidir le gléasanna stórála USB a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil gach ball foirne go hiomlán ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí maidir le rochtain ar sheirbhísí oifigiúla TFC agus maidir lena n-úsáid
- beartas maidir leis na meáin shóisialta a bheith ann lena meabhraítear don fhoireann na ceanglais agus na srianta faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963
- clásail chuí maidir le cosaint sonraí agus rúndacht a chur isteach i socruithe le haon phróiseálaithe sonraí pearsanta a oibríonn ar ár son, lena n-áirítear

  a) na coinníollacha faoina bhféadfar sonraí a phróiseáil

  b) na bearta slándála íosta nach mór do na próiseálaithe sonraí iad a bheith i bhfeidhm acu

  c) sásraí nó bearta a chuirfidh ar chumas na hOifige a chinntiú go gcomhlíonann aon phróiseálaí sonraí na ceanglais slándála, lena n-áirítear ceart chun cigireacht nó iniúchadh neamhspleách a dhéanamh

  d) coinneáil/diúscairt: go ginearálta, tá na tréimhsí coinneála do shonraí atá sainithe inár mBeartas Bainistíochta Taifead bunaithe ar na forálacha reachtúla maidir leis an réimse lena mbaineann, le ceanglais iniúchóireachta agus le prionsabal 5.

# Cuntasacht

## Freagracht ár bhfostaithe

Cé go bhfuil an Oifig, mar rialaitheoir sonraí, freagrach ar deireadh thiar faoin dlí as cosaint sonraí pearsanta, tá dualgas ar gach fostaí a chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail um chosaint sonraí agus go gcloítear lenár mbeartais slándála sonraí.

Tá freagracht ar gach fostaí a chinntiú go ndéantar aon sonraí pearsanta a fhaigheann, a bhainistíonn agus a rialaíonn siad mar chuid dá ndualgais laethúla a láimhseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann agus an Chóid Cleachtais seo.

Fostaithe a meastar go bhfuil siad ag sárú na rialacha um Chosaint Sonraí, féadfar a chinneadh go bhfuil said ag sárú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann nó, in imthosca áirithe, go bhfuil siad ag déanamh cion faoi na píosaí reachtaíochta sin. Ina theannta sin, foráiltear leis an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, do smachtbhannaí agus d'fhíneálacha maidir le sáruithe ar rúndacht faisnéise. Féadfar gach fostaí reatha agus iarfhostaí de chuid na hOifige a choinneáil cuntasach maidir leis na sonraí go léir a phróiseálann, a bhainistíonn agus a rialaíonn siad le linn fheidhmiú a gcuid dualgas san Oifig.

Chun cabhrú le fostaithe a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le cosaint sonraí, déantar na bearta seo a leanas

- tá ár mbeartais slándála sonraí ar fáil don fhoireann ar fad ar inlíon na hOifige
- cuirtear oiliúint chuí ar shlándáil sonraí agus ar chosaint sonraí ar fáil do gach ball foirne
- cuirtear bainisteoirí ar an eolas faoin bhfreagracht atá orthu foireann a chur faoi oiliúint agus a chinntiú go bhfuil siad feasach ar riachtanais bheartais slándála sonraí na hOifige agus go gcomhlíonann siad iad
- iarrtar ar gach ball foirne sprioc chaighdeánach maidir le comhlíonadh na mbeartas slándála sonraí a chur ar áireamh ar a bhfoirmeacha próifíle róil mar chuid den phróiseas CBFF
- ní mór don fhoireann síniú a dhéanamh maidir le comhlíonadh i ngach comhad iniúchóireachta in TeamMate+.

## Socruithe rialachais sonraí

Tá na socruithe rialachais seo a leanas i bhfeidhm ag an Oifig chun comhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí a chinntiú

- ***Fóram Slándála Faisnéise –*** tá Fóram Slándála Faisnéise bunaithe againn chun maoirseacht a dhéanamhar shlándáil faisnéise agus ar phróisis chosanta sonraí san Oifig.
- ***Oifigeach Cosanta Sonraí –*** tá freagracht as cosaint sonraí sannta againnd'Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) a thuairiscíonn don Fóram Slándála Faisnéise.
- ***Próiseas Bainistíochta Riosca –*** láimhseáiltear rioscaí a bhaineann le stóráil,láimhseáil agus cosaint faisnéise pearsanta trínár bpróiseas bainistíochta riosca.

- ***Socruithe um shlándáil sonraí -*** cinnteoimid go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm chun ceanglais chaighdeán slándála faisnéise ISO 27001 a chomhlíonadh. Déantar iniúchtaí neamhspleácha go rialta ar ár gcóras bainistíochta um shlándáil faisnéise,lena n-áirítear iniúchtaí faireachais ag an gcomhlacht deimhniúcháin ISO.
- ***Scrúdú agus athbhreithnithe ar chosaint sonraí –*** chun cáilíocht na sonraí a choimeádann an Oifig a chinntiú, agus chun a chinntiú go bhfuil rochtain ar shonraí den sort sin agus úsáid sonraí den sórt sin cuí laistigh de théarmaí an Chóid seo, déanfaimid scrúduithe agus athbhreithnithe ar nósanna imeachta um chosaint sonraí mar chuid dár bpróiseas comhlíonta leanúnach.
- ***Cuntasacht sheachtrach –*** féadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí iniúchtaí seachtracha a dhéanamh ar gach gné de chosaint sonraí laistigh den Oifig.

## Prótacal chun sáruithe a thuairisciú

Sainmhínítear sárú sonraí mar shonraí pearsanta atá i mbaol nochtadh neamhúdaraithe, caillteanais, scriosta nó athraithe, cibé acu i bhfoirm láimhe nó leictreonach. D'fhéadfadh rochtain mhíchuí ar fhaisnéis phearsanta ar chórais na hOifige nó faisnéis phearsanta a sheoladh chuig an duine mícheart a bheith i gceist leis sin.

Má dhéantar aon sárú ar an gcód cleachtais nó ar cheanglais reachtúla RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, ní mór ár *mBeartas um Shárú Sonraí agus ár nós imeachta um Thuairisciú ar Theagmhais Slándála/Sárú Sonraí* a leanúint. Ní mór OCS na hOifige a chur ar an eolas má tharlaíonn sárú. I gcás go meastar go bhfuil riosca ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí, ní mór don Oifig an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí agus laistigh de 72 uair an chloig tar éis di teacht ar an eolas faoin sárú.

Tá faisnéis ar ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus ar a chumhachtaí tugtha in Aguisín 2.

# Aguisín 1

**Sainmhínithe ar fhocail/fhrásaí a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta agus dá dtagraítear i dtéacs an chóid chleachtais**

**An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 –** Sanntar le reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí ar na daoine sin a dhéanann sonraí pearsanta a láimhseáil, a phróiseáil, a bhainistiú agus a rialú. Caithfidh gach ball foirne san eagraíocht cloí le forálacha reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann agus iad ag bailiú agus ag stóráil faisnéis phearsanta agus ag obair le faisnéis phearsanta. Tá feidhm aige sin maidir le faisnéis phearsanta fhostaithe na heagraíochta agus le faisnéis phearsanta daoine aonair a mbíonn ag déileáil leis an eagraíocht.

**Sonraí -** Faisnéis i bhfoirm inphróiseáilte. Áirítear léi sin sonraí uathoibrithe nó leictreonacha (aon fhaisnéis ar ríomhaire nó faisnéis a thaifeadtar a bhfuil sé i gceist í a chur ar ríomhaire) agus sonraí a phróiseáiltear de lámh (faisnéis a thaifeadtar mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha nó a bhfuil sé ar intinn í a bheith mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha).

**Córais Chomhdúcháin Ábhartha -** Aon sraith faisnéise atá eagraithe de réir ainm, UPSP (más infheidhme in eagraíocht),uimhir phárolla, uimhir fostaí nó dáta breithe nó aon aitheantóra uathúil eile, mheasfaí iad go léir a bheith ábhartha.

**Sonraí Pearsanta -** Sonraí a bhaineann le duine beo atá inaitheanta nó ar féidir é/í a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó ar dóigh di teacht i seilbh an rialaitheora sonraí.

**Iarraidh ar Rochtain -** Is é atá i gceist leis seo iarraidh a bheith á déanamh ag duine leis an eagraíocht go nochtfaí a s(h)onraí pearsanta.

**Próiseáil Sonraí -** Aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéanamh ar shonraí, lena n-áirítear

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choinneáil
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú
- Na sonraí a aisghabháil, a léamh nó a úsáid
- Na sonraí a nochtadh trí iad a tharchur, a scaipeadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile
- Na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhlocáil, a léirscriosadh nó a scriosadh.

**Ábhar Sonraí -** Duine aonair ar ábhar do shonraí pearsanta é/í.

**Rialaitheoir Sonraí -** Duine a rialaíonn (ina (h)aonar nó i gcomhpháirt le daoine eile) inneachar agus úsáid sonraí pearsanta.

**Próiseálaí Sonraí -** Duine a phróiseálann faisnéis phearsanta thar ceann rialaitheoir sonraí, seachas rialaitheoir sonraí a phróiseálann sonraí den sórt sin le linn a c(h)uid fostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh go gciallódh sé seo fostaí de chuid eagraíochta chuig a ndéanann rialaitheoir sonraí obair a sheachfhoinsiú. Tá na freagrachtaí atá ar eintitis dá leithéid maidir le próiseáil na sonraí leagtha amach i reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann.

# Aguisín 2

**Forfheidhmiú na Reachtaíochta Cosanta Sonraí na hÉireann**

*Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí*

Bunaíodh le reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann oifig neamhspleách an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún). Is é an Rialtas a cheapann an Coimisiún agus tá sé neamhspleách ó thaobh fheidhmiú a fheidhmeanna de. Is í feidhm an Choimisiúin a chinntiú go gcomhlíonann siad siúd a choimeádann sonraí pearsanta i leith daoine aonair forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann.

Tá raon leathan cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag an gCoimisiún chun cabhrú lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na prionsabail um chosaint sonraí. Ina measc sin, tá sé in ann fógraí dlí a sheirbheáil lena gcuirtear iallach ar Rialaitheoir Sonraí faisnéis a theastaíonn chun cabhrú lena f(h)iosrúcháin a sholáthar, lena gcuirtear iallach ar Rialaitheoir Sonraí foráil i reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann a chur i bhfeidhm, etc.

Imscrúdaíonn an Coimisiún gearáin ónbpobal i gcoitinne freisin maidir le sonraí pearsanta agus tá cumhachtaí leathana aige sa réimse sin. Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún oifigigh a údarú chun dul isteach in áitribh agus cigireacht a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta a choinnítear ar ríomhaire nó ar chórais ábhartha comhdúcháin páipéir. Féadfaidh daoine den phobal ar mian leo gearáin fhoirmiúla a dhéanamh é sin a dhéanamh trí scríobh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28, nó ar líne trína shuíomh gréasáin ag www.dataprotection.ie

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún fíneáil riaracháin suas le milliún euro a ghearradh ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí a bhfaightear amach go bhfuil na ceanglais um chosaint sonraí sáraithe acu.

# Aguisín 3

**Teagmhálaithe Úsáideacha**

**Comhairle/Cúnamh**
Ba cheart gach iarraidh ar chomhairle agus ar chúnamh maidir le saincheisteanna cosanta sonraí laistigh den Oifig a dhíriú chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos.

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01PF72
Fón (01) 863 8600 nó ríomhphost dpo@audit.gov.ie

**Tuilleadh Faisnéise**
An Coimisiún um Chosaint Sonraí
https://www.dataprotection.ie

**Sonraí Pearsanta a Chosaint**

Cód Cleachtais

An chéad dáta athbhreithnithe eile: Bealtaine 2025